# AR CHUALA TÚ?

Conamara Láir

Pleanáil Teanga Chonamara Láir

## *Scoláirí na hArdteiste 2020-2021*

Ba mhaith le Pleanáil Teanga Chonamara Láir ádh mór a ghuí ar scoláirí na hArdteiste i Scoil Phobail Mhic Dara agus Coláiste na bPiarsach agus iad ag tabhairt faoi na scrúduithe go luath. Ní bliain éasca a bhí ann dhóibh agus tá éacht mór bainte amach acu. Go n-éirí go geal libh sa saol amach romhaibh.








## Mórdhuais Fógraithe d'Fheachtas #seoíanghaeltacht

**Tógáil ar an bhfeachtas #seoíAnGhaeltacht a tosaíodh anuraidh, iarrann muid oraibh an haischlib a úsáid agus grianghraf/físeán/amhrán/dán (do rogha) á chrochadh ar na meáin shóisialta le linn na dátaí an 9 - 16 Meitheamh 2021. Tá an haischlib seo á úsáid ag na hOifigigh Pleanála Teanga chun a gcuid oibre a roinnt leis an bpobal ar na hardáin meán sóisialta éagsúla le bliain anuas.**


**Tá muid ag tabhairt cuireadh aríst i mbliana dona phobal ceiliúradh a dhéanamh inár comhluadar le linn na seachtaine seo ag úsáid #seoíAnGhaeltacht ar a gcuid ardán meán sóisialta fhéin tré grianghraf don Ghaeltacht, cuimhní ón nGaeltacht, cuairteanna ar an nGaeltacht a roinnt linn, bígí cruthaitheach!**

# Bernie Seoige (Ealaíontóir)



Rugadh Bernie Seoige i Reading, Sasana ach bhog sí go hÉirinn agus í ina cailín óg. Chomh luath agus chríochnaigh sí an mheánscoil, d'imigh sí ar imirce go Londain. I 1998, d'fhreastal sí ar Ollscoil Southwark, áit a bhain sí amach céim sa mhínealaín. Tháinig sí ar ais go Conamara lena fear céile Joe Rua (Seoige) agus beirt chlainne i 2002. I gcaitheamh na mblianta, lean sí ar aghaidh lena oideachas i GTI agus tá sí mar mhac léinn páirtaimseartha faoi láthair i GMIT, áit atá sí ag déanamh staidéar ar an ealaín chomhaimseartha.
Bíonn Bernie ag obair ó am go h-am leis an GRETB mar mhúinteoir ealaíne iarscoile agus bíonn sí ag obair le ceardlanna éagsúla agus campaí samhraí do ghrúpaí pobail freisin. Mar amharc-ealaíontóir, bhí taispeántas aonair aici le linn Féile Phléaráca i 2006. Le blianta beaga anuas, ghlac sí páirt agus léirígh sí taipeántais éagsúla agus bailiúcháin ealaíne i gConamara ar nós Oireachtas Chois Fharraige. Sa bhliain 2016, thug sí a taispeántas taistil 'Coiscéim an Phiarsaigh' chuig scoileanna, ionaid lae agus coláistí Gaeilge ar fud fad Chonamara agus bhí lucht féachana suas le 3,000 duine aici. Ina theannta sin, thaistil sí chomh fada le Fhéile Bhéal Feirste lena taispeántas. Tá an leabhar, a chuaigh leis an taispeántas, le ceannach in Ionad Cultúrtha an Phiarsaigh i Rosmuc, áit a bhfuil cuid dá saothar le feiceáil mar chuid den taispeántas idirghníomhach san Ionad. Taispeánadh sraith dá chuid pictiúr 'Disused School' ag deireadh na bliana i 2018 i GTI. Le linn an dianghlasáil, bhí a cuid saothar mar chuid den Ionad an Ealaín Chomhaimseartha Gaelach i Los Angeles (CIACLA), na cláir ar líne '126 Artist Run Gallery' agus '126 Backing Creativity'. In éineacht lena comhscoláirí ó GMIT, ghlac sí páirt le gairid sa 'Third Grade Window Exhibition' i mBóthar na Trá agus tá an taispeántas sin le feiceáil ar an suíomh idirlín.

Anuraidh, bhronn Ealaín na Gaeltachta Sparántacht Ealaíne ar Bhernie. Thug an tacaíocht sin deis di fiosrúchán a dhéanamh ar na teicneolaíochtaí difriúla a d'fhéadfaí úsáid chun a saothar a thaispeáint. Mar thoradh, tá taispeántas fíorúil 'Cosán' aici ar líne anois agus beidh sé ann go dtí deireadh na bliana seo. Tugann sí le chéile pictiúr ó Choiscéim an Phiarsaigh agus a saothar nua a dhéanann iniúchadh ar an gcaidreamh idir Pádraig Mac Piarais agus muintir Chonamara a iniúchadh agus an bealach a spreag siad é mar scríbhneoir, múinteoir agus ceannaire le linn an athbheochan Cheilteach. Trí chliceáil ar an nasc, is féidir leis an mbreathnóir dul ar turas timpeall spás an ghailearaí fhíorúil agus féachaint ar na híomhánna agus an t-eolas faoi Mac Piarais agus na scéalta a scríobh sé suas go dtí an tÉirí Amach a léamh. Bhí píosa faoi Chosán ar Raidió na Gaeltachta, Nuacht TG4, leathanach imeachtaí VAI agus tá sé ar shuíomh idirlín Discover Ireland:
https://artspaces.kunstmatrix.com/en/exhibition/5414852/pathwayscos%C3%A1n



Taobh istigh dena cleachtas go dtí seo, tá obair déanta aici ar réimse leathan de ábhair thuaithe agus traidisiúnta  ag déileáil le teiripe mhothúchánach an spáis agus ag tarraingt ar an gcuimhne agus litríocht. Faigheann Bernie a cuid inspioráide ón bpobal, an teanga agus tírdhreach Chonamara agus tá bun agus barr a saothar bunaithe ar a hoidhreacht agus an muintearas idir na daoine.

Ar chlé tá sampla do shaothar Bhernie- 'Druileáil na hÓglaigh

# CAIRDEAS

Le gairid anuas, cuireadh málaí cúraim amach chuig úsáideoirí na seirbhíse CAIRDEAS. Istigh sna málaí bhí bun earraí baile ar nós málaí tae, siúcra agus subh USBs leis na físeáin seo a leanas:

- Rang Aclaíochta le Róisín Ridge
- Rang Aclaíocht Éadrom & Ióga le hEagna
- Rang Mhachnaimh le hEagna
- Ióga le hEva
- Eolas faoi Phleanáil Teanga Chonamara Láir le Anne agus Úna

Is cosúil go raibh Máirín Bairéad as Muighinis agus a madra Coco (ar dheis) breá sásta lena mála féin.



# Criathrach Beag

**Men's Shed, Rosmuc**

*Alt le Aengus Nee*

Ag am áirithe i rith na bliana 2019, shocraigh muid i Ros Muc a theacht le chéile chun 'Men's Shed' a bhunú sa pharóiste. Tháinig muid le chéile agus chuir muid an chéad phróiseas i bhfeidhm chun 'Men's Shed' a bhunú, sé sin chuir muid coiste le chéile agus thosaíomar ár bplean. Bhí muid go léir ar aon intinn go mbeadh An Criathrach Beag feiliúnach mar ainm. Mar ghrúpa shocraigh muid air seo leanas.

Cuspóir an tionscadail 'Mens Shed'- Criathach Bheag

·Club sóisialta a bhunú sa pharóiste, áit a mbeadh muintir na háite ábalta cúrsaí a eagrú trí mheán na Gaeilge

·Oibrí deonach a fhorbairt sa pharóiste/ceantar chun obair/oiliúint cothabhála a dhéanamh

·Ceangail pobail agus cuimsiú sóisialta do mhuintir an pharóiste

·Cuimsiú sóisialta agus nasc a dhéanamh le clubanna/ Men's Shed eile sna ceantair Gaeltachta

·Turas bus eagrú chun cabhrú le daoine scothaosta

Agus iad seo san áireamh, chuir muid isteach ar thacaíocht airgid agus le cabhair mhór ó fhoireann Fhorbairt Chonamara Láir Teo. d'éirigh linn. Go luath i 2020, shocraigh muid fál agus cuaillí a thógáil ar mhaithe le sábháilteacht muintir an pharóiste.

Mar is eol do gach duine, i ngach paróiste sa tír tháinig víreas ciúin marfach isteach inár saol, víreas bhí sásta dul chun cogaíocht le gach duine againn óg agus aosta. Tá a fhios againn go léir an damáiste fisiceach a rinne an víreas seo ar fud an domhain, ach táimid ag troid ar ais le cabhair ó vacsaíní. Mar gheall ar seo:

Shocraíomar comharthaí a chuir suas ag rá 'dhá mhéadar óna chéile' de réir threoirlínte an HSE. Chuireamar díghalrán láimhe isteach chun ár n-aos óg agus ár sean a chosaint. Ar nós go leor eagraíochtaí charthanais eile b'éigean dúinn dúnadh ar feadh tréimhsí ama le linn na bliana 2020 de bharr srianta COVID-19.



De réir a chéile tá athbheochan agus athoscailt ar bun sa tír agus na pharóistí. Tá an samhradh ag teacht agus táimid mar ghrúpa ag súil go mór chun leanúint chun cinn le cuspóir an tionscadal 'Men's Shed' le tacaíocht agus cabhair ón bpobal Gaelach.

## Cliabhán Cultúrtha Chonamara Láir




**Ba mhaith linn buíochas ó chroí a ghlacadh le Clann Uí Chuirrín a ghlac páirt sa gCliabhán Cultúrtha do mhí na Bealtaine. Arís, ba mhaith linn cuireadh agus fáilte a thabhairt do aon dhuine/grúpa a bheadh suim acu físeán a chur inár dtreó. Is féidir féachaint siar ar na físeáin eile ar ár suíomh idirlín- www.conamaralair.ie**

*Tá rimeád ar Phleanáil Teanga Chonamara Láir i gcomhpháirt le Muintearas Teo tús a chuir le h)meachtaí agus gníomhachtaí don aos óg i gceantar an Chaiseal agus Sraith Salach an Samhradh seo. Is ar bhealach spraíúil agus spreagúil, a dhéanar é seo chun féinmhúinín agus neamhspleáchas a fhorbairt in aos óg an lae inniu. Go n-éirí go geal leo.*




## Achainí déanta ag na hOifigigh Pleanála Teanga ar na hAirí Gaeltachta

Tá na hOifigigh Pleanála Teanga ar fud fad na tíre ag seasamh le chéile agus ag impí ar Airí na Gaeltachta, a chinntiú go mbeidh seirbhísí i nGaeilge ar fáil ón stát ag pobal na Gaeltachta. Táthar ag iarraidh go ndéanfaí leasúchán ar Bhille na dTeangacha 2019 a chinnteodh go mbeadh teacht ag muintir na Gaeltachta ar sheirbhísí ón stát ina dteanga fhéin.



Bhí cruinniú ag na hOifigigh Pleanála Teanga leis an Aire Jack Chambers níos luaithe sa mbliain agus níl siad chun seasamh siar go mbeidh foráil dhíreach faoi seo curtha sa Bhille. Ag deireadh an lae is 'Is ceart bunúsach é seo: bheith in ann plé le do Stát fhéin, i do theanga féin, i bpríomhtheanga an Stáit é féin, i do cheantar Gaeltachta féin'.

# COVID-19



Seo scéal a scríobh Ríona Ní Chonaire as an gCoillín i gCarna , nuair a cuireadh an chéad dhianghlasáil i bhfeidhm.  Beidh Ríona dhá bhliain déag d'aois i mí an Mheithimh. Ní raibh sí ach 10 mbliana nuair a scríobh sían píosa seo.

Tá chuile dhuine curtha craiceáilte ag an gcorónavíreas seo, ach bíonn daoine ag guibhe agus b'fhéidir go bhfuil Dia ag iarraidh a rá linn a bheith ag caint le chéile níos mó ná a bhí muid . Milleann muileann Dé go mall ach milleann sé go mín.

Tá muid sa mbaile ón scoil anois le fada, rud nach raibh aon chleachtadh againn air, ach tá muid an-áthasach go bhfuil muid inár gcónaí faoin tuath agus bíonn an-ghliondar orainn chuile thráthnóna ag dul ag an trá agus ag breathnú amach ar na hoileáin, Inis Bigil, Fraochoileán, Cruach na Cara, Cruach na Caoile agus na hoileáin bheaga eile.

Is aoibhinn Dia dhúinn nuair a smaoiním ar na gasúir bhochta atá sa mbaile mór gan aon áit acu le dhul. Le cúnamh Dé nuair a bheidh sé seo thart ní bheidh muid ag gearán níos mó ar an scoil ná ar obair baile.

Bhíodh cleachtadh agamsa a bheith ag dul ag an Aifreann chuile Dé Domhnaigh ach anois tá chuile lá mar a chéile. Ní thuigeann muid go leor rudaí go mór mór is gan mé ach deich mbliana d'aois.

Anois agus an oiread ama agam tá mé ag cuimhniú ar na seanfhocla, mar shampla, is iomaí rud a fheictear don díomhaointeas, nó seanfhocal eile, níl feall i dtír nach fearrde duine eicínt. Mar a bhfuil muid ag an scoil tá muid ag foghlaim rudaí an-suimiúil anseo sa mbaile, rud nach mbíodh deis againn a dhéanamh cheana. Tá taobh tíre an-álainn againn anseo buíochas le Dia. Agus théis an choróinvíreas  seo beidh daoine ag caint le chéile níos mó agus ag feiceáil rudaí nach bhfaca siad cheana.
Bhí mé ag caint le mo Mhamó agus dúirt sí go raibh sí ag feiceáil rudaí nach bhfaca sí le blianta, ar nós go leor féileacáin ag imeacht thart agus na héin ag ceol sna crainnte. Chomh maith leis sin tá níos mó daoine ag déanamh rudaí taobh amuigh anois mar ní raibh an t-am acu cheana. Agus beidh bliain i bhfad níos fearr againn i 2021 le cúnamh Dé.

An Deireadh

***********************************************************************************************

Ba mhaith linn buíochas a ghlacadh le Ríona as ucht an píosa seo a sheoladh ar aghaidh chugainn. Tá súil againn go gcoinneoidh Ríona suas leis an scríbhneoireacht, is cinnte go bhfuil an bua aice.

# Coirnéal Chomhrá 'Ar Chuala Tú?'



**Aoí na Míosa:** Meadhbh Ní Ghaora
(Rúnaí do Choiste Stiúrtha Pleanála Teanga agus Oifigeach Forbartha Cúige Chonnacht / Laighean le Tuismitheoirí na Gaeltachta)

- **Aon ainm eile ina bhfuil aithne ag daoine ort?** Níl fhios agam – b'fhéidir go bhfuil!
- **Cén ceantar ina bhfuil cónaí ort?** Cárna
- **Céard é an béile is fearr leat?** Dinnéar Rósta
- **Céard é an deoch is fearr leat?** Gin & Tonic
- **Cén clár teilifíse a bhfuil tú ag féachaint ar faoi láthair?** Heartland ar Netflix
- **Na blagálaithe/ tionchairí is mó a leanann tú?** Chuile chineál i ndáiríre. Daoine áitiúla atá ag plé le faisean chomh maith le na blagálaithe níos cáiliúla .
- **An saoire is mó cuimhní agat ar ?** Nuair a bhí mé san Ástráil ar shaoire i 2013 agus i 2007
- **Cén seánra ceoil ina bhfuil suim agat ann?** Chuile chineál i ndáiríre – is maith liom ceol tíre, pop srl. Is maith liom na bannaí ceol áitiúla freisin! Is fada liom go bhfeicfidh muid sna tithe tábhairne thart arís iad !
- **An t-am den bliain is fearr leat?** An samhradh, an aimsir bhreá agus a bheith ar an bhfarraige
- **An bhfuil tú in ann do chuid oibre a dhéanamh trí Ghaeilge?** Tá an t-ádh orm gur trí Ghaeilge a bhí aon phost a bhí agam ó chríochnaigh mé ag an scoil.
- **Ar mhaith leat socrú síos i do bhaile dhúchais ?** Ba mhaith liom fanacht i gCárna
- **Cén tionchur a bhí ag an ngéarchéim sláinte ort agus do chuid oibre?** Bhuel thóg sé píosa cleachtadh a fháil air an obair ón mbaile, d'fhág mé mo sean phost agus thosaigh mé i mo phost le Tuismitheoirí na Gaeltachta leath bealach tríd an pandéim! Tá mé ag súil go mór le bheith ag obair san oifig.



## Comórtas Grianghrafadóireachta

**Comhghairdeas mór le Pauline Uí Mhurchú a bhuaigh comórtas mhí na Bealtaine. Tógadh an griangraf álainn seo i nGabhla. Is é Peadar Ó Gríofa, úinéir GChló agus is é ár gclódóir don nuachtlitir seo, a rinne an mholtóireacht ar na grianghraif dúinn don mhí seo. Dúirt sé faoin bpictúir 'An bhumbóig ar thóir neachtar i mbláthanna na Bealtaine'.**
**Seolaigí chugainn bhur bpictiúir do mhí Meithimh chun bhur sheans 'Hoodie' Pleanáil Teanga Chonamara Láir a bhuachan.**

## Logainm na Míosa

*Sraith salach:*

*Is éard atá i gceist leis an 'salach' ná saileach/ willow. Mar sin, ciallaíonn sé an tsaileach ar bhruach na habhann (sraith). Bhíodh an tsaileach an-thábhachtach fadó. D'úsáidtí í le haghaidh an cliabh, potaí gliomach agus neart eile*

## Seanfhocal na Míosa:

**Anáil na beatha an t-athrú.**

---

## Bí i dteagmháil linn!


opt@conamaralair.ie
ocpt@conamaralair.ie

**Meáin Shóisialta**

Conamara Láir    conamaralair

@ConamaraLair


'Ár dTeanga- Labhair í 's Bí Bródúil!'

Pleanáil Teanga Chonamara Láir

Conamara Láir


**Fógra Séanta: Ní ghlacann Forbairt Chonamara Láir Teo./ Pleanáil Teanga Chonamara Láir freagracht as aon ábhar ó tríú pháirtí atá curtha i gcló ar an nuachtlitir seo.**